



Sainchuntas Poist - Pobal Ar A'n Iúil

Teideal an Phoist: Oifigeach Forbartha Gaeilge

Freagrach do: An Coiste Stiúrtha (ionadaí ó Phobal Ar A'n Iúil, Glór an Tearmainn agus Dún Uladh)

Proifíl an Phoist: Beidh an tOifigeach Forbartha Gaeilge freagrach as plean oibre a fheidhmiú, lena mbaineann institiúidí buana agus gréasáin bhuana a bhunú sa phobal, faoi stiúir an choiste stiúrtha. Beidh an té a cheapfar freagrach as na grúpaí seo a chumasú le go mbeidh siad ábalta a gClár gníomhaíochtaí féin a chur i bhfeidhm.

Áit:

Beidh an tOifigeach lonnaithe in Ionad Dhún Uladh ar an Ómaigh (faoi réir athraithe). Clúdóidh an tOifigeach seanChomhairle Ceantair na hÓmaí.

Scála Tuarastail:

Scála Pá NJC (Scála Pá don Tréimhse ó Aibreán 2019) ag an Ghrád Oifigeach Feidhmiúcháin

Tuarastal:

£26,470 - Tá tuarastal an phoist seo ag brath ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge agus maoiniú Dhún Uladh Ltd.

Sonraí an Phoist:

Is post bliana é seo go deireadh mhí Mheithimh 2020 le féidearthacht go mbeidh síniú ar an chonradh ag brath ar mhaoiniú.

Uaireanta Oibre:

Caithfidh tú bheith i láthair 40 uaire d'uaireanta oibre – suas le 12 uair in aghaidh na seachtaine ag obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre (9.30-5.30).

Laethanta Saoire: Is iad 20 lá na laethanta saoire a cheadaítear in aghaidh na bliana mar aon le laethanta saoire poiblí agus bainc.

Spriocdháta d'Iarratas: 31ú Bealtaine 2019

Agallaimh: Seachtain dar tús 10/06/2019

Foirm Iarratais agus tuilleadh eolais ar fáil ó:

Pobalaraniul@gmail.com nó ag 028 8224 2777 nó 07955592969

Tá an post seo á pháirtmhaoiniú ag Foras na Gaeilge. Is fostóir comhdheiseanna é Pobal ar a'n Iúil



Critéir Riachtanacha:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, mar aon le tiomantas don teanga
- Ar a laghad bliain amháin taithí ag comhordú agus ag bainistiú tionscadail as a stuaim féin agus taithí ar fhorbairt straitéisí.
- Taithí ar bheith freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais
- Ardscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine aonaracha, le heagraíochtaí agus leis na meáin chumarsáide.
- Scileanna maithe ríomhaireachta.
- Taithí i bhforbairt pobail, go háirithe pobal Gaeilge
- An cumas bheith ag obair as do stuaim féin agus mar bhall d'fhoireann
- Ceadúnas tiomána agus úsáid chairr a bheith ag an té a cheapfar nó rochtain ar mhodh taistil a chuirfeadh ar chumas an té a cheapfar riachtanais an phoist ina n-iomláine a chomhlíonadh.

Critéir Inmhianaithe:

- Taithí ag obair in earnáil na Gaeilge
- Taithí ag obair le daoine óga

Príomhfhreagrachtaí

Freagrachtaí Straitéiseacha:

- Plean Oibre Gaeilge na heagraíochta a chomhordú agus a chur i bhfeidhm de réir mar a aontaíodh le coiste na heagraíochta agus comhoibriú go dlúth le baill eile foirne agus le baill den choiste ar thionscadail agus ar thionscnaimh chuí ar shlí a thagann le haidhmeanna agus le cuspóirí na heagraíochta
- Cuspóirí cuí a fhorbairt de réir mar a aontaítear leis an gcoiste agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- A bheith ag obair le, comhordú agus ag tacú le heagraíochtaí áitiúla, oibríthe páirtaimseartha agus oibríthe deonacha

Freagrachtaí Oibríochtúla:

- Measúnú, bainistíocht tionscadail agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh leis an Ghaeilge a chur chun cinn
- Tuairiscí a ullmhú do mhaoinitheoirí
- Réimse gníomhaíochtaí, cumainn, turais a reáchtáil do réimse Grúpa éagsúla, lena n-áirítear daoine óga, foghlaimeoirí fásta, teaghlaigh, cainteoirí líofa srl
- Bunú agus buanú maidir le gréasán Gaeilge a éascú agus cuidiú le grúpaí eile é sin a dhéanamh fosta
- Teagmháil a bhunú, a fhorbairt agus a choinneáil le páirtithe eile an phobail (grúpaí áitiúla, daoine gnó, srl) maidir le comhoibriú agus le cur chun cinn na Gaeilge

- Teagmháil a choinneáil leis na ceanneagraíochtaí/le heagraíochtaí reachtúla agus le heagraíochtaí deonacha agus comhoibriú leo maidir le cur chun cinn na Gaeilge

Freagrachtaí Airgeadais:

- Buiséad na heagraíochta a bhainistiú ó mhí go mí de réir mar a aontaítear leis an choiste agus tuairisciú a dhéanamh leis an mhaoinitheoir go príomha ar chaiteachas/theacht isteach
- Feidhmiú laistigh de bhuiséad socraithe
- Foinsí eile maoinithe a aimsiú le mórchuspóirí an eagrais a chur chun tosaigh
- Éascú agus tacaíocht a chur ar fáil do pháirtithe eile an phobail leas a bhaint as foinsí maoinithe ó Fhoras na Gaeilge agus eile ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a spreagadh ina réimsí féin

Freagrachtaí Cumarsáide:

- Freastal ar chruinnithe de chuid an choiste de réir mar is cuí
- Tuairisciú don choiste stiúrtha ar chuspóirí/phlean oibre na heagraíochta a chur i bhfeidhm
- Coinneáil i dteagmháil le réimse leathan páirtithe cuí maidir le ceistanna a bhaineann leis an Ghaeilge sa phobal agus i ngnó
- Aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a chur chun cinn trí fheachtas margáíochta
- A bheith páirteach mar bhall den eagraíocht

Freagrachtaí Eile/Freagrachtaí Ginearálta:

- Freagrachtaí ar bith eile chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar (faoi chomhairle an choiste).